An Bord Réitigh um Pirít
Pyrite Resolution Board

# An Bord um Réiteach Piríte
## Tuarascáil Bhliantúil 2022

Chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

De réir Ailt 9(4) den Scéim um Réiteach Piríte 2013, cuireann an Bord um Réiteach Piríte a Thuarascáil Bhliantúil ar fáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

## Sainordú

Bunaíodh an Bord um Réiteach Piríte (BRP) ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tar éis thosach feidhme an Achta um Réiteach Piríte 2013 an 10 Eanáir 2014 chun scéim a dhéanamh chun damáiste ar áitribh áirithe de bharr aistriú cothrománach piríte a athchóiriú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach chlár oibreacha athchóirithe d'áitribh lena mbaineann a threorú agus a mhaoirsiú. Áirítear leis an Scéim um Fheabhsúchán Piríte (an Scéim) an creat le haghaidh feidhmiú na bhforálacha atá san Acht. Cuireadh an Scéim le chéile ag an mBord an 12 Feabhra 2014 agus rinneadh leasuithe ar an Scéim i mí Feabhra 2015, mí Iúil 2019, mí Dheireadh Fómhair 2020, agus mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022.

## Ráiteas Misin

*Feabhsúcháin a thabhairt chun críche ar áitribh áirithe a bhfuil damáiste déanta orthu mar gheall ar aistriú cothrománach piríte na leaca truncála faoin urlár ar bhealach cothrom, éifeachtúil, trédhearcach agus cost-éifeachtúil.*

# Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Ráiteas an Bhainisteora Ginearálta | 7 |
| Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 12 |
| 1. Príomh-ghníomhaíochtaí | 12 |
| 2. Ballraíocht an Bhoird | 13 |
| 3. Tinreamh, Luach Saothair agus Costais agus ag Cruinnithe Boird | 13 |
| 4. Feidhmeanna an Bhoird | 15 |
| 5. Freagrachtaí an Bhoird | 15 |
| 6. Cód Iompair, Nochtadh agus Eitic | 20 |
| 7. Seirbhísí a cuireadh ar fáil ag HomeBond | 21 |
| 8. Soláthar | 21 |
| 9. Straitéis agus Plean Gnó | 21 |
| 10. Athbhreithniú ar an gCuideachta | 22 |
| 11. Rialachas Corparáideach | 22 |
| 12. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca | 23 |
| Leibhéil Gníomhaíochta | 25 |
| Roimh, le linn agus tar éis an fheabhsúcháin | 26 |
| Achomhairc chuig an mBord | 28 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach | 29 |
| Ioncam & Caiteachas | 33 |
| Ranníocaíochtaí | 35 |
| Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh Bliana | 35 |
| Aguisín A - Iarratais a Cuireadh Isteach sa bhliain 2022 de réir Contae/Limistéir | 37 |
| Aguisín B - Iarratais a Cuireadh Isteach ón Dáta Seolta go Deireadh Bliana | 38 |

## Ráiteas an Chathaoirligh

De réir ailt 9(4) den *Acht um Réiteach Piríte 2013*, is cúis áthais dom an Tuarascáil seo maidir le comhlíonadh feidhmeanna an Bhoird um Réiteach Piríte (BRP) faoin Acht le linn na bliana 2022 a chur faoi bhráid na hAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is é seo an naoú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an BRP ó a bunaíodh é ar bhonn reachtúil i mí Eanáir 2014.

Déanann an t-Acht um Réiteach Piríte 2013 foráil i leith scéim atá maoinithe ag an Státchiste chun feabhsúchán tithe agus árasán a éascú, a bhfuil damáiste suntasach déanta dóibh, mar gheall ar aistriú cothrománach piríte na n-urlár agus nuair nach bhfuil aon rogha indéanta eile ag na húinéirí é a leigheas.  Thug an t-Acht sainordú don BRP Scéim a chur le chéile chun damáiste piríteach suntasach ar áitribh a athchóiriú, chun iarratais a ghlacadh ó úinéirí tí a mbaineann sé leo agus chun feidhmiú cláir um fheabhsúcháin piríte a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air.

Leagann an t-Acht amach feidhmeanna an BRP agus na Gníomhaireachta Tithíochta faoi seach. Faoin Acht, leagtar an fhreagracht maidir le tástáil na n-áitreabh agus cur i bhfeidhm na n-oibreacha feabhsúcháin ar an nGníomhaireacht Tithíochta. Chomh maith leis sin, de réir an Achta, déantar maoiniú an Státchiste arna sholáthar chun críocha feabhsúcháin piríte (lena n-áirítear costais an BRP) a sheoladh tríd an nGníomhaireacht Tithíochta agus cuimsítear na Ráitis Airgeadais iniúchta a bhaineann le cistí dá leithéid i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireacht Tithíochta. Is cúis áthais dom a rá go leanann leis an dá chomhlacht a bheith ag obair le chéile go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Sa bhliain 2022, bhí an Bord comhdhéanta de na comhaltaí seo a leanas:

- Dr Derek Sinnott, Cathaoirleach (athcheapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird i mí Meán Fómhair 2019, Cathaoirleach eatramhach i mí Bealtaine 2021 agus Cathaoirleach ó mhí Feabhra 2022, d'éirigh sé as ag deireadh a dhara téarma ar an 1 Meán Fómhair 2022);
- Uasal Alec Flood, a bhí mar Chomhalta Boird agus Cathaoirleach an choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (athcheapadh i mí na Nollag 2019 agus d'éirigh sé as ag deireadh a dhara téarma ar an 28 Nollaig 2022);

- Iníon Lydia Bunni (ceapadh ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2020);
- Uasal Kevin McCrave (ceapadh ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2020);
- Uasal John O’Connor (ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird ar an 28 Iúil 2022 agus Cathaoirleach Ainmnithe ar an 2 Meán Fómhair 2022);
- Iníon Karen Dillon (ceapadh ar an mBord ar an 28 Iúil 2022);
- Uasal Pierce O’Donnell (ceapadh ar an mBord ar an 28 Iúil 2022); agus
- Uasal John Tiernan (ceapadh ar an mBord ar an 2 Meán Fómhair 2022).

Gach bliain, déanann an BRP suirbhé ar shásamh custaiméirí le húinéirí tí a rinneadh feabhsúchán ar a dtithe le déanaí. Thaispeáin an suirbhé úinéirí tí, a rinneadh i mí Iúil 2022, ard-rátaí sásaimh maidir leis an treoir a cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin an BRP, próiseas foriomlán maidir le feabhsúchán piríte, cúnamh a cuireadh ar fáil ag an bhfoireann riaracháin, bainisteoirí tionscadail, innealtóirí comhairleacha agus conraitheoirí.

Fuarthas 127 iarratas sa bhliain 2022.  B’ionann uimhir iomlán na n-iarratas a fuarthas amhail an 31ú Nollaig agus 3,189 agus faomhadh 2,717 dóibh le cuimsiú faoin Scéim. Ón bhfigiúir seo, rinneadh feabhsúchán ar 2,527 áitreabh agus bhí conarthaí oibreacha i bhfeidhm le haghaidh 70 áitreabh eile.  Tugadh 235 áitreabh ar an iomlán a rinneadh feabhsúchán orthu ar ais chuig na húinéirí tí roimh dheireadh na bliana.  Bhí caiteachas faoin Scéim sa bhliain 2022 mar an gcéanna go ginearálta leis an leithdháileadh airgeadais a cuireadh ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.


Bíonn an BRP agus an Ghníomhaireacht Tithíochta ar an eolas i gcónaí faoi na deacrachtaí agus an cur isteach a dhéantar ar na húinéirí tí a bhfuil damáiste déanta dá dtithe mar gheall ar phirít. Tá sé ar intinn againn seirbhís a chur ar fáil atá tuisceanach agus trédhearcach agus a déanfaidh sé tithe a bhféadfaí cónaí ann ar deireadh a athchóiriú dóibh chomh luath agus is féidir. Is í an aidhm atá againn ná bheith ag obair go dlúth le húinéirí tí.  Seachas cúpla eisceacht, d'éirigh linn go ginearálta tithe críochnaithe a thabhairt ar ais d'úinéirí tí laistigh den tréimhse 12 seachtaine.

Tá dhá bhall foirne bainistíochta agus riaracháin ag an mBord a ceapadh ag an nGníomhaireacht Tithíochta agus líon beag ball foirne a ceapadh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.  Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhísí teicniúla, riaracháin, TFC agus dlíthiúla ar fáil don Bhord ag Ball Foirne na Gníomhaireachta Tithíochta atá gníomhaíochtaí réitigh piríte leagtha orthu.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhalta Boird as a ngealltanas agus a gcúnamh le hobair an BRP le linn na bliana, go háirithe an Dr Derek Sinnott as a chúnamh eisceachtúil le linn a dhá théarma mar chomhalta Boird agus i ndiaidh sin, mar Chathaoirleach.  Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Uasal Alec Flood a bhí mar Chomhalta Boird ar feadh dhá théarma agus chomh maith leis sin, a bhí mar chathaoirleach don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.  Buíochas ar leith chomh maith ag dul do Tony O'Brien a bhí ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Iníon Linda Magee as a hobair dhíograiseach mar Rúnaí an Bhoird agus an t-Uasal Enda Gordon as a chúnamh leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca de chuid an BRP.  Go háirithe, ba mhaith liom Martin Lynch, Bainisteoir Ginearálta, a mholadh agus buíochas a ghabháil leis as a ngealltanas agus cúnamh leanúnach. Tá mé an-bhuíoch chomh maith as an gCathaoirleach, an Bord, an Príomhfheidhmeannach, agus foireann na Gníomhaireachta Tithíochta as a gcomhoibriú tairbheach.

Faoi dheireadh, gabhaim buíoch leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an t-Uasal Darragh O'Brien, T.D. agus na hAirí Stáit, Peter Burke T.D., Malcolm Noonan T.D., Kieran O'Donnell T.D agus a n-oifigigh sa Roinn, as a suim agus a tacaíocht leanúnach don BRP agus a ghníomhaíochtaí.



Uasal John O'Connor

Cathaoirleach

## Ráiteas an Bhainisteora Ginearálta

Ba bhliain dhúshlánach eile í 2022 don Scéim um Fheabhsúchán Piríte. Imríodh tionchar ar chur i bhfeidhm na scéime mar thoradh ar mhéadú ar bhoilsciú costais tógála mar gheall ar fhadhbanna a bhain le slabhra soláthair i ndiaidh na paindéime, ganntanas lucht oibre agus géarchéim fuinnimh atá mar thionchar díreach ón gcogadh san Úcráin. Agus a bheith leanúnach le 6 bliana anuas sa Scéim, chonacthas méadú suntasach ar chostais tairisceana maidir le costas feabhsúcháin in aghaidh an áitribh. D'éirigh leis an Scéim um Fheabhsúchán Piríte, áfach, leibhéal móimintim a choinneáil agus lean le feidhmiú na Scéime na cuspóirí 'Tithíocht do Chách' a sholáthar Alt 5.5.3 '*ag cinntiú go dtarraingítear anuas cistí feabhsúcháin agus go dtugtar tacaíocht chuí d'úinéirí tí*'.

3,189 iarratas a fuarthas san iomlán go dtí deireadh na bliana 2022 faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte (an Scéim), de réir an Achta um Réiteach Piríte 2013 (an t-Acht). Díobh siúd, fuarthas 127 iarratas le haghaidh feabhsúcháin le linn na bliana 2022, i gcomparáid le 278 san iomlán a fuarthas sa bhliain 2021. Is é is dóichí atá i gceist leis an laghdú ar na hiarratais ná treocht sa Scéim a shroicheann aibíocht agus ag dul isteach sa chéim deiridh / críochnaithe. Tháinig iarratais nua a fuarthas ó fhorbraíochtaí a thosaigh obair feabhsúcháin nó atá ar tí tosú go príomha. Rinneadh feabhsúchán ar 235 áitreabh san iomlán sa bhliain 2022 ag tabhairt méid iomlán don scéim go 2,527 feabhsúchán ag deireadh na bliana 2022.

Bhí raon feidhme geografach na Scéime teoranta do na limistéir sin a sainaithníodh i dtuarascáil an Phainéil um Pirít ó Mheitheamh 2012 i.e. contaetha na Mí, Chill Dara agus Uíbh Fhailí, agus limistéir riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ó shin, rinneadh an Scéim a leasú ar thrí ócáid difriúil chun a scóip gheografach a leathnú.

Sa bhliain 2014, fuarthas tuarascálacha maidir le haistriú cothrománach piríte i roinnt tithe in eastáit i limistéar riaracháin Chomhairlí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tar éis imscrúdaithe a dhéanamh, bhí an Bord um Réiteach Piríte (BRP) sásta go raibh damáiste, mar gheall ar aistriú cothrománach

piríte, le feiceáil in áitribh sna forbraíochtaí sin agus mhol sé don Aire leasú ar an Scéim chun na limistéir sin a chur san áireamh. D'fhaomh an t-Aire leasú ar an Scéim chun na limistéir riaracháin Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin araon a chuimsiú. Tháinig an leasú seo i bhfeidhm ar an 5 Feabhra 2015.

Sa bhliain 2018, fuarthas tuarascálacha maidir le haistriú cothrománach piríte i roinnt tithe in eastáit i limistéar riaracháin Chathair Luimnigh agus Chomhairle Contae Luimnigh. Tar éis imscrúdaithe a dhéanamh, bhí an Bord um Réiteach Piríte (BRP) sásta go raibh damáiste, mar gheall ar aistriú cothrománach piríte, le feiceáil in áitribh sna forbraíochtaí sin agus mhol sé don Aire leasú ar an Scéim chun na limistéir sin a chur san áireamh. D'fhaomh an t-Aire leasú ar an Scéim chun limistéir riaracháin Chathair Luimnigh agus Chomhairle Contae Luimnigh a chur san áireamh. Tháinig an leasú seo i bhfeidhm ar an 24 Meán Fómhair 2020.

Sa bhliain 2021, fuarthas tuarascálacha maidir le haistriú cothrománach piríte in áitreabh aonair i limistéar riaracháin Chomhairle Contae na hIarmhí. Tar éis imscrúdaithe a dhéanamh, bhí an Bord um Réiteach Piríte (BRP) sásta go raibh damáiste, mar gheall ar aistriú cothrománach piríte, le feiceáil san áitreabh sna forbraíochtaí sin agus mhol sé don Aire leasú ar an Scéim chun an Iarmhí a chur san áireamh, rud a d'fhaomh sé ina dhiaidh sin. Tháinig an leasú seo i bhfeidhm ar an 6 Aibreán 2022.

Ar dhá ócáid eile, rinneadh leasú ar Alt 12 den Scéim, a bhaineann le híocaíocht costas do rannpháirtithe na Scéime, i ndiaidh athbhreithnithe a dhéanamh ar na costais a bhaineann le lóistín agus stóráil malartach. I ndiaidh an athbhreithnithe deiridh i mí Márta 2022, rinne an Bord moladh leis an Aire chun Alt 12 a leasú trí mhéadú €500 in aghaidh na míosa (lena n-áirítear CBL) a chur leis an méid iníoctha do chostais lóistín dearbhaithe eile de réir teorann foriomlán €6,000 (lena n-áirítear CBL) in aghaidh an áitribh fad is atá na hoibreacha feabhsúcháin ag dul ar aghaidh. Faomhadh an leasú seo ag an Aire agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Ar ardleibhéal, cuirtear an Scéim um Fheabhsúchán Piríte i bhfeidhm mar seo a leanas.

Measann baill foirne an BRP cáilitheacht na n-iarratas a fuarthas. De réir an Phróisis Measúnaithe agus Fíoraithe, déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta moladh leis an BRP maidir le cuimsiú áitribh faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte. Nuair a chuimsítear áitreabh faoin Scéim, cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta an próiseas feabhsúcháin i bhfeidhm agus tugann sí faoi sholáthar seirbhísí gairmiúla agus na conarthaí feabhsúcháin. Tagraím d'Alt 4 i dTuarascáil na gComhaltaí Boird le haghaidh míniú mionsonraithe ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas.

Déantar iarratais aonair a ghrúpáil i dtionscadail, nuair a faomhadh iad, chun éifeachtúlachtaí uasta a fháil atá ag teacht leis an riachtanas lena chinntiú nach bhfuil fad curtha leis na hoibreacha gan ghá do na húinéirí tí. Déanann an Scéim um Fheabhsúchán Piríte foráil i leith obair a ordú agus a chur in ord tosaíochta. Chuir an BRP agus an Ghníomhaireacht Tithíochta nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le clár eagraithe tionscadal a chruthú le dul chun cinn a dhéanamh leis suas go agus tríd an gcéim tógála. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chomh maith le plé le cásanna práinne nó anró ar leith ar bhonn tosaíochta. Oibríonn an scéim ar bhealach oscailte, trédhearcach agus oibiachtúil.

Le luach ar airgead a chinntiú, bunaíodh painéil creata le haghaidh daoine gairmiúla tógála agus conraitheoirí tógála. Tá conarthaí le haghaidh tionscadail aonair faoi réir tairisceana ó na painéil seo. Go ginearálta, tá na tionscadail ag dul ar aghaidh go sásúil leis an gcuid is mó acu ag teacht in am, laistigh de bhuiséid réamh-mheasta agus le hoibreacha críochnaithe go caighdeán ard. Is ionann an meánchostas feabhsúcháin agus €84,700 in aghaidh an áitribh. Féadfaidh éagsúlacht shuntasach a bheith i gceist sna costais, le tithe aon uaire a mbíonn urlár talún níos mó go ginearálta acu ar na tithe is costasaí.

Rinneadh dul chun cinn sásúil i rith na bliana maidir leis an bpróiseas clárúcháin, suirbhéireacht ar dhamáiste, sonraíocht na n-oibreacha, tairiscintí agus bronnadh conarthaí oibreacha, sceidealú na n-oibreacha, fágáil áitreabh, tosach feidhme agus críochnú na n-oibreacha agus athlonnú áitreabh. Thángthas moilleanna agus costais bhreise chun cinn mar gheall ar shrianta Covid-19 nó nuair a tugadh fabhtanna chun

solais, seachas iad sin a tháinig ó athrú cothrománach piríte, le linn na hoibre tógála. Ar bhonn taithí, rinneadh athbhreithniú agus modhnú ar nósanna imeachta chun dála den sórt sin a réamh-mheas, a íoslaghdú agus a bhainistiú d'fhonn moilleanna agus costais bhreise a sheachaint chomh fada agus is féidir.

Tá íocaíochtaí le hiarrthóirí maidir le costais dhearbhaithe i leith measúnuithe ar bhail foirgnimh, costas aistrithe agus costas stórála déanta freisin de réir théarmaí na Scéime.

Tá Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta á ndéanamh ag an BRP agus ag an nGníomhaireacht Tithíochta don Bhord um Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le feabhsúchán na n-áitreabh faoin Scéim um Réiteach Piríte, maidir le leagan amach freagrachtaí praiticiúla san Acht um Réiteach Piríte. Éilíonn feidhmiú rathúil na Scéime ardleibhéal comhoibrithe idir na Boird, bainistíocht agus comhaltaí foirne an dá chomhlachta. Éilítear comhoibriú neamhfhoirmiúil agus foirmiúil ag gach leibhéal d'fhonn soláthar réidh, éifeachtach agus éifeachtúil an chláir leasúcháin a chinntiú. Cuirtear comhairliúchán luath as a leanann réitigh chomhaontaithe chun cinn agus bítear ag súil le comhairliúchán luath.

I mí Meithimh 2014, síníodh comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i gcomhair seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadail, faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte agus na Gníomhaireachta Tithíochta, dar luach €2 milliún. Glanfaidh an Comhaontú Forlíontach a síníodh le HomeBond an 4 Nollaig 2015 chun déileáil le fabhtanna struchtúracha nach mbaineann le haistriú cothrománach piríte cuid de chostas na n-oibreacha tógála i gcásanna áirithe chomh maith. Aithnítear go bhfuil ranníocaíocht HomeBond i dtreo tástála agus cláir um fheabhsúchán ina pháirt lárnach agus éifeachtach den phróiseas. Déanfar tuilleadh plé ag féachaint leis an ranníocaíocht chomhaontaithe bhunaidh a bhaint amach agus a bhrostú.

Foráiltear leis an reachtaíocht go bhféadfaidh an BRP na costais go léir nó cuid díobh a bhaineann le teaghais a leigheas faoin Scéim a ghnóthú ó aon pháirtí a bhfuil dliteanas orthu, agus a bhfuil an acmhainn acu. Tá sé mar choinníoll incháilitheachta faoin Scéim go dtugann an t-Iarratasóir a c(h)ead don institiúid ag an BRP imeachtaí dlí a bhaineann

le caillteanas a eascraíonn as gníomh nó as mainneachtain aon duine a dhéanann damáiste piríte suntasach don áitreabh. Níor tugadh faoi aon chás dlíthiúil maidir leis sin le linn na bliana 2022.

In ainneoin nach measann an BRP gur rogha indéanta ag gach úinéir tí imeachtaí dlí a thionscnamh, glacann sé bearta, nuair a mheastar gur cuí a leithéid, chun coinneáil i ndiaidh tógálaithe agus / nó forbróirí i gcomhair ranníocaíochta i dtreo chostais na n-oibreacha.
Chomh maith le ranníocaíochtaí dá leithéid sin, nuair a áirítear áitreabh leis an Scéim, ach níor thosaigh an obair go fóill agus faigheann rannpháirtí na scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll cuimsithe leanúnaigh faoin Scéim, ní mór do rannpháirtí na Scéime an méid a fuarthas a íoc leis an BRP laistigh de thréimhse ama sonraithe. Ní bhfuarthas ranníocaíocht ar bith maidir leis seo le linn na bliana 2022.

Tá an gá le hathbhreithniú leanúnach ar chumarsáid aitheanta ag an BRP agus ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá ríomhphost tiomnaithe ann do chomhaltaí an Oireachtais. Is féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an mBord ar an bhfón nó trí ríomhphost, agus is féidir teacht ar na sonraí sin chomh maith le gach gné a bhaineann leis an scéim, ar shuíomh gréasáin an BRP.

Tá athbhreithniú déanta ar an Scéim ar bhonn leanúnach, le haiseolas ó iarratasóirí, saincheisteanna a ardaíodh tríd an nós imeachta gearán, achomhairc a fuarthas, ionadaíochtaí ó ionadaithe poiblí agus trí caidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, conraitheoirí, comhairleoirí dlí, iniúchóirí agus daoine eile.



Martin Lynch
Bainisteoir Ginearálta

# Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Cuireann comhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte a dTuarascáil Bhliantúil i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

## 1. Príomh-ghníomhaíochtaí

Foráiltear leis an *Acht um Réiteach Piríte 2013* Scéim um Fheabhsúchán Piríte (an Scéim) le haghaidh áitribh áirithe a bhfuil pirít ag imirt tionchar orthu. Rinne an Bord an Scéim tar éis faofa na hAire. Treoraíonn agus déanann an Bord maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Scéime um Fheabhsúchán Piríte de réir téarmaí na scéime.

I dtéarmaí leathana:

- Glacann agus bailíochtaíonn an Bord um Réiteach Piríte (BRP) iarratais faoin Scéim agus déanann sé monatóireacht ar fheidhmiú an chláir um fheabhsúcháin piríte d'áitribh faofa. Is é infhaighteacht an mhaoiniúcháin agus tosca eile a chinneann scála an chláir.

- Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta, faoi réir treorach an BRP, feabhsúcháin ar áitribh fhaofa a bhfuil pirít ag imirt tionchair orthu agus cuireann sí an Scéim um Fheabhsúchán Piríte i bhfeidhm. Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta measúnú ar an BRP chomh maith agus tugann sí moltaí dó maidir le hiarratais ó úinéirí tí le cuimsiú faoin Scéim.

## 2. Ballraíocht an Bhoird

Leagtar amach sa tábla a leanas ballraíocht an bhoird le linn na bliana 2022.

| Ball Boird | Eagraíocht | Téarma Ceapacháin |
|---|---|---|
| An Dr Derek Sinnott | Léachtóir Sinsearach, An Roinn Timpeallachta Tógtha in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird 2 Meán Fómhair 2016 go 1 Meán Fómhair 2019.<br>Athcheapadh 2 Meán Fómhair 2019 go 1 Meán Fómhair 2022.<br>Ceapadh mar Chathaoirleach Eatramhach i mí Bealtaine 2021 agus mar Chathaoirleach ón 15 Feabhra 2022.<br>Éiríodh as 1 Meán Fómhair 2022 |
| John O'Connor | Innealtóir Cairte | Ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird 28 Iúil 2022 agus mar Chathaoirleacht Ainmnithe ón 2 Meán Fómhair 2022. |
| Alec Flood | Abhcóide atá ag cleachtadh a ghairme agus<br>Innealtóir Cairte | Ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird 29 Nollaig 2016 go 28 Nollaig 2019.<br>Athcheapadh 29 Nollaig 2019 go 28 Nollaig 2022.<br>Éiríodh as 28 Nollaig 2022. |
| Lydia Bunni | Abhcóide atá ag cleachtadh a ghairme | Ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird 2 Meán Fómhair 2020 go 1 Meán Fómhair 2023. |
| Kevin McCrave | Abhcóide atá ag cleachtadh a ghairme | Ceapadh mar Ghnáth-chomhalta Boird 2 Meán Fómhair 2020 go 1 Meán Fómhair 2023. |
| Karen Dillon | Comhchuntasóir Cairte | Ceapadh Gnáth-chomhalta Boird 28 Iúil 2022 |
| Pierce O'Donnell | Innealtóir Cairte | Ceapadh Gnáth-chomhalta Boird 28 Iúil 2022 |
| John Tiernan | Innealtóir Cairte | Ceapadh Gnáth-chomhalta Boird 2 Meán Fómhair 2022. |

## 3. Tinreamh, Luach Saothair agus Costais agus ag Cruinnithe Boird

Buaileann an Bord go míosúil de ghnáth (seachas Lúnasa) chun gnó a dhéanamh. Tharla 11 chruinniú Boird san iomlán sa bhliain 2022. Chomh maith le cruinnithe Boird, freastalaíonn gach Comhalta Boird ar chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus 6 acu a tharla sa bhliain 2022. Taispeánann an tábla thíos an sceideal tinrimh, táillí agus costais sa bhliain 2022.

| Ball Boird | Cruinnithe Boird le freastal orthu | Cruinnithe Boird a freastalaíodh orthu | Iniúchóireacht agus Riosca (6 chruinniú) | Táillí 2022 € | Costais 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dr Derek Sinnott* | 8 | 8 | 3 | 0 | 2,224.72 |
| Alec Flood | 11 | 11 | 6 | 2,200 | 0 |
| Lydia Bunni | 11 | 6 | 4 | 1,000 | 0 |
| Kevin McCrave | 11 | 10 | 5 | 2,000 | 0 |
| John O'Connor | 4 | 4 | 2 | 200 | 0 |
| Karen Dillon | 4 | 3 | 1 | 400 | 0 |
| Pierce O'Donnell | 4 | 4 | 2 | 600 | 0 |
| John Tiernan | 3 | 1 | 1 | 200 | 0 |
| Tony O'Brien (Comhalta CIR amháin) | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 |

*Ní bhfuair ball amháin táille Boird faoi Phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Freastalaíonn Alec Flood ar Chruinnithe Choiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta Tithíochta ar son an Bhoird um Réiteach Piríte chomh maith.

Cloíonn an Bord agus na comhaltaí foirne ar fad leis na ciorcláin arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le liúntais taistil agus chothaithe.

Íocadh an Bainisteoir Ginearálta de réir ráta Innealtóra Shinsearaigh Scála Tuarastail na n-Údarás Áitiúil. Tá a luach saothair ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chomh maith leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Rúnaí an Bhoird**

Ón 3 Lúnasa 2021 amach, ceapadh Linda Magee mar Rúnaí an Bhoird.

Déantar bainistiú agus riarachán laethúil fheidhmeanna an BRP a tharmligean chuig an mBainisteoir Ginearálta, le tacaíocht ó bhaill foirne a shanntar ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón nGníomhaireacht Tithíochta.

Is ón nó tríd an nGníomhaireacht Tithíochta a sholáthraítear seirbhísí rúnaíochta, riaracháin, TFC, dlí agus seirbhísí eile don Bhord.

Cruthaíonn cáipéis na *Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta don Bhord um Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta* na socruithe idir an CRP agus an Ghníomhaireacht Tithíochta agus leagann sé amach na socruithe a comhaontaíodh idir an dá chomhlacht maidir le feabhsúchán na n-áitreabh faoin Scéim, maidir le leagan amach freagrachtaí praiticiúla san *Acht um Réiteach Piríte 2013*.

## 4. Feidhmeanna an Bhoird

Leagann Alt 9 den *Acht um Réiteach Piríte 2013* amach feidhmeanna an Bhoird um Réiteach Piríte. Déantar achoimre ar na príomh-fheidhmeanna thíos:

(a) Scéim d'fheabhsúchán piríte a dhéanamh faoi alt 13;
(b) Fáil agus cinneadh na n-iarratas faoin Scéim.
(c) Treoir agus maoirseacht ar chur chun feidhme na Scéime um Fheabhsúchán Piríte.
(d) Faomhadh buiséad don Scéim faoi Alt 23 den Acht;
(e) Achomhairc a chinneadh faoi Alt 27 den Acht;
(f) Eolas a chur ar fáil maidir le pirít agus damáiste piríte suntasach.

Ag deireadh gach tréimhse 3 mhí, cuireann an Bord tuarascáil ar fáil don Aire a leagann amach an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Scéime um Fheabhsúchán Piríte de réir Ailt 9(5) den Acht.

## 5. Freagrachtaí an Bhoird

Ghlac an Bord clár na bhfeidhmeanna agus gnó an Bhoird um Réiteach Piríte atá in áirithe do chinntí an Bhoird féin de réir na cáipéise dar teideal *Ábhair atá Forchoimeádta do Chinneadh an Bhoird*. Cinntíonn sé seo go mbainistíonn an Bord treo agus rialú na ngníomhartha straitéiseacha agus gníomhaíochtaí eile an BRP.

**Déanann an Bord maoirseacht ar an Scéim um Fheabhsúchán Piríte, a oibríonn mar seo a leanas:**

- **Céim 1: Iarratas & Bailíochtú**, measann an BRP bailíocht an iarratais ón úinéir tí. Tá dhá ghné ag an bpróiseas bailíochtaithe go bunúsach:
  - i. Measúnú ar iarratais le comhlíonadh leis an gcritéir cháilitheachta (lena n-áirítear measúnú ar 'roghanna malartacha indéanta').
  - ii. Iniúchadh ar an Measúnacht ar Bhail Foirgnimh (BCA) lena chinntiú go bhfuil an leibhéal riachtanach damáiste sna háitribh.

  Ag deireadh na céime seo, cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh an t-iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Tithíochta don Phróiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Molta nó faoin gcinneadh an t-iarratas a dhiúltú. Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltaithe.

- **Céim 2: An Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Molta**í, a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta, dearbhaítear go bhfuil an damáiste atá taifeadta sa Mheasúnacht ar Bhail Foirgnimh inchurtha i leith aistrithe cothrománach piríte. Féadfar Fíorú an Damáiste, i.e. deimhniú ar an damáiste inchurtha i leith aistrithe cothrománach piríte, a bheith bunaithe ar áitreabh aonair nó ar áitribh ghaolmhara. Ar an ábhar sin, féadfar áitribh ghaolmhara a fhíorú ar bhonn damáiste inchomparáide agus/nó tástálacha níos luaithe a raibh na torthaí céanna orthu.

- Tá modheolaíocht curtha ar bun ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le clár tástála le haghaidh cásanna nach bhfuil torthaí tástála níos luaithe ar fáil dóibh. Tá tástáil leanúnach á heagrú ag HomeBond thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, de réir mar is gá. Déantar an t-ábhar truncála a thástáil de réir *I.S. 398-1: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir 2017 Cuid 1: Prótacal tástála agus rangaithe*

- Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta moladh don BRP agus na cúiseanna chun áitreabh a chuimsiú sa Scéim nó chun í a eisiamh ón Scéim, agus cuirtear cinneadh

an BRP in iúl don iarratasóir. Is féidir cinneadh chun áitreabh a eisiamh ón Scéim a achomharc.

- I gcás ina n-áirítear an t-áitreabh sa Scéim, tugtar ‘rannpháirtí na scéime’ ar an iarratasóir ina dhiaidh sin. Féadfaidh Rannpháirtí na Scéime an costas dearbhaithe ar an Tuarascáil Measúnachta ar Bhail Foirgnimh a aisghabháil ansin, faoi réir theorainn uasta €500 (lena n-áirítear CBL). Déantar teagmháil le Rannpháirtí na Scéime maidir le socruithe na haisghabhála ag an gcéim seo.

- **Céim 3: Plean Oibreacha Feabhsúcháin:** Tar éis Céim 2, téann an t-iarratas ar aghaidh ansin chuig Céim 3: Plean Oibreacha Feabhsúcháin. Tar éis tairiscintí a lorg, ceapann an Ghníomhaireacht Tithíochta innealtóir ón *gCreat-chomhaontú le haghaidh Seirbhísí Gairmiúla Dearthóireachta Foirgníochta (Innealtóir Cairte, Ailtire, Suirbhéir Foirgníochta) le haghaidh na Scéime um Fheabhsúchán Piríte* (painéal de Dhaoine Gairmiúla Dearthóireachta atá cáilithe cheana féin chun an cineál oibre seo a dhéanamh); chun plean oibreacha feabhsúcháin agus sonraíocht a ullmhú chun feabhsúchán a dhéanamh ar an áitreabh. Téitear i gcomhairle le Rannpháirtí na Scéime maidir leis an bplean oibreacha feabhsúcháin.

- **Céim 4: Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscint** Nuair a bheidh na cáipéisí arna ullmhú ag an innealtóir i gCéim 3 curtha i gcrích, téann an t-iarratas ar aghaidh chuig Céim 4: Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscint Eisítear an tairiscint don Chonradh le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin chuig an *gCreat-chomhaontú Do Chonraitheoir Oibreacha le haghaidh Feabhsúcháin Áitreabh dá ndearna pirít damáiste faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte* (pain.éal Conraitheoirí atá cáilithe cheana féin chun an cineál seo oibre a dhéanamh), lena fáil ar ais i gceann 4-5 seachtaine. Seoltar Comhaontú an Úinéara Tí chuig Rannpháirtithe na Scéime ag an gcéim seo.

- **Céim 5: Cinneadh Conradh a Dhéanamh** Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta tuairisc don BRP ar na tairiscintí a fuarthas don Chonradh le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin molann sí Conraitheoir Oibreacha don chonradh. Tugann an BRP

cead dul ar aghaidh le dámhachtain an Chonartha tar éis a bhreithniú a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar an gclár iomlán.

- **Céim 6: Feabhsúchán an Áitribh:** Déanann an conraitheoir feabhsúchán ar an áitreabh de réir an chonartha feabhsúcháin agus *I.S. 398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – Cuid 2: An mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha feabhsúcháin* faoi mhaoirsiú an innealtóra a cheap an Ghníomhaireacht Tithíochta.
- **Deimhniúchán:** Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, déanfar iad a dheimhniú de réir *I.S. 398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – Cuid 2: An mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha feabhsúcháin* agus déanfar éilimh ar íocaíocht na gcostas dearbhaithe (stóráil/lóistín) a thabhaigh Rannpháirtí na Scéime, a chomhlíonann coinníollacha na scéime,a fhaomhadh lena n-íoc nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe agus deimhnithe.

- **Céim 7: Tréimhse Choinneála:** Déanfaidh an t-innealtóir measúnú ar fhabhtanna a bhaineann leis na hoibreacha feabhsúcháin a gcuireann Rannpháirtí na Scéime in iúl don Ghníomhaireacht Tithíochta i scríbhinn laistigh de thréimhse 11 mhí ó dháta an Teastais Feabhsúcháin. Comhaontaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta aon fhabht a thagann chun cinn sa tréimhse seo, mar thoradh ar na hOibreacha Feabhsúcháin a dheisiú agus sin amháin.

- **Céim 8: Dúnadh Iarratais:** Meastar go bhfuil an t-iarratas dúnta tar éis na tréimhse coinneála 11 mhí nó nuair a dheisítear na fabhtanna áirithe, má tá fabht ar bith ann.

- Déanann Bainisteoir Tionscadail idirchaidreamh idir Rannpháirtí Scéime agus an Ghníomhaireacht Tithíochta, an t-innealtóir agus an conraitheoir ionas gur féidir na hoibreacha feabhsúcháin a phleanáil agus a dhéanamh chomh barainneach agus chomh héifeachtach agus is féidir.

## Costais a Íoc

Cuimsítear costais na n-oibreacha feabhsúcháin agus na costais ghairmiúla ghaolmhara faoin Scéim.  Chomh maith leis sin, féadfar na costais seo a leanas arna dtabhú ag an iarratasóir a aisghabháil faoin Scéim:

- An costas dearbhaithe (lena n-áirítear CBL) a bhaineann leis an Measúnacht tosaigh ar Bhail Foirgnimh a fháil ó dhuine inniúil , faoi réir uasteorainn fhoriomlán €500, ar an gcoinníoll go bhfaomhtar an t-áitreabh le cuimsiú faoin Scéim tar éis an Phróisis Fíoraithe;

- Na costais dhearbhaithe a bhaineann le troscán, fearais tí agus maoin phearsanta a bhaint go sealadach, a stóráil agus a chur ar ais, d'fhonn an feabhsúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €2,500 (lena n-áirítear CBL);

- Na costais dhearbhaithe le haghaidh lóistín eile don líon tí d'fhonn an feabhsúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €6,000 (lena n-áirítear CBL).

- Ceadaítear leis an mBord um Réiteach Piríte gur féidir an liúntas maidir le haistriú agus stóráil sealadach a chur leis an liúntas le haghaidh lóistín eile chun an costas lóistín a chlúdach suas go dtí uasteorainn €8,500 amháin (lena n-áirítear CBL).

## Treoir do Rannpháirtithe na Scéime

Tá treoir foilsithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun faisnéis bhreise a chur ar fáil d'iarratasóirí,  a dtugtar Rannpháirtithe na Scéime orthu, ar áiríodh a n-.áitribh sa Scéim um Fheabhsúchán Piríte. Foilsítear an treoir seo ar shuíomh gréasáin an BRP chomh maith.

## Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus Conraitheoirí

Tá próiseas soláthair phoiblí déanta ag an nGníomhaireacht Tithíochta sa bhliain 2022 chun Creat-Chomhaontuithe a bhunú le Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta. Tá 4

ghnólacht innealtóireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus cuireadh tús leis sin an 6 Meitheamh 2022 ar feadh 2 bhliain, agus rogha ann síneadh dhá bhliain a chur leis.

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta próiseas soláthair poiblí sa bhliain 2022 chun Creat-Chomhaontuithe a bhunú le Conraitheoirí Oibreacha chun na hoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh. Cuireadh tús leis an gcreat do na 5 chuideachta conraitheoireachta ar an gCreat-Phainéal ar an 4 Iúil 2022 ar feadh 24 mí, agus an fhoráil ann síneadh a chur leis ar feadh dhá théarma 12 mhí eile.

## 6. Cód Iompair, Nochtadh agus Eitic

Tá Cód Iompair Gnó i bhfeidhm do na Comhaltaí Boird, don Bhainisteoir Ginearálta agus do bhaill foirne ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ón nGníomhaireacht Tithíochta a mbíonn baint acu le cur i bhfeidhm na Scéime. Cuireann an Cód Iompair an creat ar fáil faoinar féidir gnó an Bhoird um Réiteach Piríte a dhéanamh ar bhealach dlíthiúil agus eiticiúil agus le luachanna an Bhoird a chloígh. Cloíonn an fhoireann chomh maith le Treoirlínte ón Roinn maidir le hiompar gnó. Cloíonn Comhaltaí Boird leis na hoibleagáidí faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995* agus faoin *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001* trí Dhearbhú Leasa ag tús gach Cruinnithe Boird. Iarradh ar gach comhalta Boird agus ar gach Ball Foirne an Bhoird um Réiteach Piríte Dearbhú Leasa Bliantúil a dhéanamh agus é a thabhairt ar ais chuig a n-oifigigh faoi seach sa bhliain 2022.

Tá Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Piríte a bhaineann le gach oibrí de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann an Bhoird, iar-fhostaithe agus lucht intéirnigh/daoine faoi oiliúint. Le linn na bliana 2022, ní bhfuair an Bord um Réiteach Piríte tuarascáil nochta cosanta.

## 7. Seirbhísí a cuireadh ar fáil ag HomeBond

### *Seirbhísí Teicniúla agus Bainistíochta Tionscadail*

I mí Meithimh 2014, shínigh Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Piríte agus Cathaoirleach Homebond comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i dtreo seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadail a bhaineann le cur i bhfeidhm na Scéime um Fheabhsúchán Piríte, faoi threoir agus maoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte, dar luach €2 milliún. Tá an comhaontú seo á chur i bhfeidhm le s.ásamh an Bhoird. Tosaíodh cainteanna sa bhliain 2021 chun síneadh a chur leis an gcomhaontú seo.

### *Comhaontú Forlíontach HomeBond*

Déileálann Comhaontú Forlíontach le HomeBond, arna dhátú an 4 Nollaig 2015, le fabhtanna struchtúracha nach mbaineann le haistriú cothrománach piríte a aithníodh roimh, nó le linn, oibreacha feabhsúcháin piríte agus a mbíonn tionchar acu ar chobhsaíocht struchtúrach an áitribh. Déanfar feabhsúchán ar na fabhtanna struchtúracha nach mbaineann le haistriú cothrománach piríte sular gclúdaítear iad le linn na n-oibreacha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh HomeBond, faoin gComhaontú Forlíontach, ranníocaíocht chuí maidir le costais na n-oibreacha struchtúracha sin. Tá cainteanna ag dul ar aghaidh chun na ranníocaíochtaí a fháil ar ais.

## 8. Soláthar

Tá an Bord sásta gur chomhlíonadh gach riachtanas náisiúnta agus AE maidir le soláthar poiblí.

## 9. Straitéis agus Plean Gnó

Faomhadh Straitéis an Bhoird um Réiteach Piríte maidir leis an gclár um fheabhsúchán piríte ag an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus clúdaíonn sé an tréimhse 2022 - 2024. Faomhadh Plean Gnó an Bhoird um Réiteach Piríte ag an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus clúdaíonn sé an tréimhse 2022 - 2024 chomh maith.

## 10. Athbhreithniú ar an gCuideachta

Tá léirithe ar an bhfeidhmíocht le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022, lena n-áirítear eolas ar imeachtaí le déanaí agus forbraíochtaí amach anseo, i dTuarascáil an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Bhainisteora Ginearálta.

## 11. Rialachas Corparáideach

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach a choinneáil. Le linn na bliana 2022, chloígh an Bord leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* a eisíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Cód Cleachtais leagtha amach lena chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamh-tráchtála na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach. Cuireann sé creat ar fáil d'fheidhmiú dea-chleachtais agus tá sé ceaptha forbraíochtaí maidir le maoirseacht, riachtanais tuairiscithe agus ceapachán comhaltaí Boird a chur san áireamh. Tá an Cód bunaithe ar na bunphrionsabail maidir le dea-rialachas: freagracht, trédhearcacht, ionracas agus fócas ar rath inbhuanaithe na heagraíochta thar an téarma níos faide.

Chomh maith leis sin, chloígh an Bord le riachtanais reachtaíochta éagsúla eile, ar nós an *t-Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995*, *an t-Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001*, *an t-Acht um Nochtadh Cosanta 2014*, *na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014*, agus *an t-Acht um Chosaint Sonraí/RGCS*.

Sa bhliain 2022, phléigh an Bord torthaí mheastóireacht Féinmheasúnaithe an Bhoird a rinneadh i mí na Nollaig 2021 agus d'aontaigh siad ar ghníomhartha iarchúraim.

Ghlac an Bord Clár Rialachais i mí na Samhna 2019. Cuireadh an clár Rialachais seo i bhfeidhm sa bhliain 2022. Is cur chuige struchtúrtha atá sa Chlár Rialachais d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a dhéanann suas Creat Rialachais an BRP nuair a chuirtear i dtoll a chéile iad thar thréimhse bliana.

Sa bhliain 2022, rinne an Bord athbhreithniú ar na cáipéisí seo a leanas:

- Beartas maidir le Coinbhleacht Leasa
- Téarmaí Tagartha an BRP
- Cód Iompair Gnó
- An Beartas um Chosaint Sonraí agus Ráiteas Príobháideachais
- Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála
- Nós Imeachta Achomharc BRP
- Téarmaí Tagartha an CIR
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca
- Cairt Iniúchta Inmheánaigh

Tá na cáipéisí seo a leanas i bhfeidhm agus suas chun dáta chomh maith.

- Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta don Bhord um Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta
- Ábhair atá Forchoimeádta do Chinneadh an Bhoird
- Cumhachtaí Tarmligthe
- Beartas Príobháideachais

Maidir leis seo, leanann an Bord ag obair ar a bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le rialachas chun aon saincheist maidir le comhlíonadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint.

## 12. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Cabhraíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh agus feidhmíonn sé de réir na dTéarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord, a rinneadh athbhreithniú agus uasdátú orthu sa bhliain 2022. Buaileann an Coiste go ráithiúil.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ná:

- Alec Flood (Cathaoirleach, d’éirigh sé as 28 Nollaig 2022)
- Dr Derek Sinnott (d’éirigh sé as 1 Meán Fómhair 2022)

- Lydia Bunni
- Kevin McCrave
- Tony O’Brien (comhalta seachtrach, d’éirigh sé as 28 Nollaig 2022)
- John O’Connor
- Karen Dillon
- Pierce O’Donnell
- John Tiernan

Le linn na bliana 2022, bhí Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht & Riosca an BRP (Alec Flood) ar Choiste um Iniúchóireacht & Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta, agus bhí Cathaoirleach Choiste um Iniúchóireacht & Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta (Tony O’Brien) ar Choiste um Iniúchóireacht & Riosca an BRP.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an mBord a aithníonn na rioscaí criticiúla lena bhfuil sé nochta agus a chinntíonn go nglactar le bearta maolaithe riosca cuí agus ansin a sholáthraíonn dearbhú go bhfuil na freagairtí arna roghnú éifeachtach.

Ghlac an Bord le Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca a ndéantar athbhreithniú air ag an mBord go rialta ar bhonn bliantúil.

Déanann an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca athbhreithniú ar na rioscaí agus nuair is ábhartha, rinneadh moltaí chuig an mBord maidir le leasú agus feabhsú na gClár Riosca.

# Leibhéil Gníomhaíochta

Tugtar sa tábla thíos stádas na n-iarratas ag deireadh na bliana 2022. Cuimsíonn na figiúirí sin an t-iomlán comhcheangailte ón dáta seolta go dtí deireadh na bliana 2022.

| Stádas na n-Iarratas ag Deireadh Bliana | Méid Iomlán |
|---|---|
| **Sa Phróiseas Bailíochtaithe** | **36** |
| **Bailíochtaithe agus ag fanacht ar fhíorú** | **74** |
| **San áireamh sa Scéim** | **120** |
| ➢ Pleanáil/sceidealú | 61 |
| ➢ Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscintí | 46 |
| ➢ Cinneadh Conradh a Dhéanamh | 13 |
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **70** |
| **Oibreacha Curtha i gCrích & Deimhnithe** | **2527** |
| **Dúnta** | **362** |
| **Iarratais Iomlána** | **3189** |

Déantar an figiúr 362 a bhriseadh síos mar seo a leanas:

- Níor chomhlíon 275 iarratasóir na critéir cháilitheachta;
- Iarratais dhúblacha a bhí i 30 iarratas;
- Tarraingíodh siar 15 iarratas ó na hiarratasóirí;
- Dúnadh 4 iarratas mar gheall ar athrú úinéireachta;
- Níor chuir 27 iarratasóir Measúnú ar Bhail Foirgnimh ar fáil;
- Bhain 4 iarratas le háitribh a rinne feabhsúcháin orthu ag tríú páirtithe;
- Dúnadh 7 n-iarratas, mar tháinig siad ó fhorbróirí agus chlúdaigh siad go leor árasán.

# Roimh, le linn agus tar éis an fheabhsúcháin

## Roimh an bhFeabhsúcháin






## Le linn an Fheabhsúcháin



## Tar Éis an Fheabhsúcháin



# Achomhairc chuig an mBord

Is féidir achomhairc chun an Bhoird a theacht chun cinn mar seo a leanas:

- Iarratas a dhiúltú tar éis Céim 1: Próiseas Bailíochtaithe
- Eisiamh Áitribh ón Scéim tar éis Céim 2: Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Molta.

***Nós Imeachta Achomharc***

Leag an Bord nósanna imeachta amach faoi Alt 27 den Acht um Réiteach Piríte 2013 maidir le héisteacht agus cinneadh achomharc i gcoinne cinntí a rinne na Cinnteoirí a ceapadh ag an BRP, ar iarratais le cuimsiú áitreabh faoin Scéim. Is féidir teacht orthu seo sa chuid Iarratas a Chur Isteach agus sa chuid Cúram Custaiméirí ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Is 50 achomharc bailí atá faighte ó tugadh isteach an Scéim, agus fuarthas 7 acu sin sa bhliain 2022. Is ionann briseadh síos agus toradh na n-achomharc agus an méid seo a leanas:

| **Achomhairc a Fuarthas sa bhliain 2022** | | **Toradh** |
|---|---|---|
| 3x | Céim 1 Diúltú - ceannaíodh áitribh i ndiaidh 12 Nollaig 2013 | Seasadh le 2 Achomharc<br>Tarraingíodh siar 1 Achomharc |
| 2x | Céim 1 Diúltú - thaifead an Measúnú ar Bhail Foirgnimh DCR1 | Níor seasadh le 2 Achomharc |
| 1x | Céim 1 Diúltú - níor comhlíonadh riachtanach roghanna indéanta | Tarraingíodh siar 1 Achomharc |
| 1x | Céim 2 Eisiamh - thaispeáin torthaí sampla diongbháilte soghabháltacht fhánach i leith méadaithe | Tarraingíodh siar 1 Achomharc |

# Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

***Raon Feidhme na Freagrachta***

Thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte (BRP), admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a oibriú. Leis an bhfreagracht seo cuirtear san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

***Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach***

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach amháin dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil. Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord um Réiteach Piríte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

***An Acmhainn le Riosca a Láimhseáil***

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag an mBord um Réiteach Piríte ar a bhfuil sé chomhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí acu ar an gcuntasaíocht airgeadais, agus is é an Cathaoirleach duine acu. Bhuail an CIR le chéile faoi shé sa bhliain 2022.

Bhunaigh an Bord um Réiteach Piríte feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a chuireann an Gníomhaireacht Tithíochta ar fáil. Tá acmhainní leordhóthanacha ag an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, a stiúrann sí clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR.

D’fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca, rud a leagann amach a mhian riosca; na próisis bhainistíochta atá i bhfeidhm agus sonraítear leis róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca an Bhoird um Réiteach Piríte, chun an Bainisteoir Ginearálta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe

atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

***Creat um Riosca agus Rialú***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Piríte a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Bhoird um Réiteach Piríte agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn rathúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- Sainmhíníodh ábhair atá Forchoimeádta do Chinneadh an Bhoird.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.

Foráiltear le hAlt 25 den Acht um Réiteach Piríte 2013 go dtugtar cuntas ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh faoin Acht.

Dearbhaím:

- go bhfuil Comhaontú Seirbhíse (Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta) leis an nGníomhaireacht Tithíochta i bhfeidhm;
- go bhfaigheann an BRP tuarascálacha míosúla ar chúrsaí ábhartha ó bhainistíocht na Gníomhaireachta Tithíochta; agus
- go bhfuil Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca an BRP mar chomhalta don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca na Gníomhaireachta

Tithíochta, trína bhfuil rochtain ag an BRP ar athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaigh agus rialuithe ábhartha na Gníomhaireachta Tithíochta agus ar iniúchóireacht seachtrach na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirtear i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Meastar moladh ar bith a dhéanann iniúchóireachtaí inmheánacha nó seachtracha ag an CIR agus cuirtear i bhfeidhm iad más cuí.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil an córas monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- déanann an Bord athbhreithnithe rialta ar thuarascála tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

***Soláthar***

Cuirtear feidhm soláthair an BRP ar fáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta.


***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord um Réiteach Piríte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird um Réiteach Piríte ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus tá an Bainisteoir Ginearálta laistigh den Bhord um Réiteach Piríte freagrach as an bhforbairt agus an creat rialaithe inmheánaigh a chothabháil. Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022.

***Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach***

Níor sainaithníodh aon mhór-laige sa rialú inmheánach maidir le 2022, ar nós:

- Dearbhú Teoranta nó Do-ghlactha mar thoradh ar Iniúchtaí;
- Cásanna fíorchalaois nó iarracht calaoise



John O’Connor
Cathaoirleach
27 Aibreán 2023

## Ioncam & Caiteachas

Foráiltear le hAlt 25 den Acht um Réiteach Piríte 2013 go dtugtar cuntas ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh faoin Acht. Ní mór don Ghníomhaireacht na cuntais sin a chur faoi bhráid an Aire gach bliain tar éis a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ní mór na cuntais sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.  Dá réir sin, níl ráitis airgeadais le fáil sa tuarascáil seo ar an airgead a fuarthas agus ar an gcaiteachas maidir le feabhsúchán piríte. Áirítear leo sin i dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tagann an maoiniúchán le haghaidh oibreacha feabhsúcháin piríte ó chaiteachas Státchiste atá leithdháilte ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Faomhann an BRP próifílí caiteachais arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le costais, gealltanais agus costais. Coimeádtar an caiteachas laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach agus de na suimeanna atá cheadaithe ag an Roinn. Cloíonn an BRP agus an Gníomhaireacht Tithíochta le gnéithe ábhartha maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Clúdaítear na riachtanais maidir le tuairisciú airgeadais an Bhoird um Réiteach Piríte faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i dTuarascáil Bhliantúil na nGníomhaireachta Tithíochta.

Fógraíodh suim €20 milliún faoi Bhuiséad 2022 chun oibríocht na Scéime um Fheabhsúchán Piríte a mhaoiniú an bhliain seo.  Tarraingíodh anuas 100% den leithdháileadh sin.
B'ionann an caiteachas iomlán ar an gclár um fheabhsúchán piríte agus €20,580,882 sa bhliain 2022. Áirítear leis sin figiúir de €646,246 le haghaidh Costais Pá & Riaracháin atá maoinithe faoi leithdháileadh na Gníomhaireachta Tithíochta.

Is féidir caiteachas a bhriseadh síos mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Costais Pá & Riaracháin* | €646,246 |
| Bainisteoirí Dearthóireachta Foirgníochta | €826,349 |
| Conraitheoirí Oibreacha | €17,613,890 |
| Íocaíochtaí Úinéara Tí | €1,451,993 |
| Dlíthiúil & Gairmiúil | €6,184 |
| Costais Riaracháin Eile | €36,220 |
| **Caiteachas Iomlán** | **€20,580,882** |

* Maoinithe faoi leithdháileadh na Gníomhaireachta Tithíochta

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta incháilithe CBL a fhorchúiteamh agus, dá bhrí sin, tá CBL san áireamh sna méideanna go léir.

### *Costais Pá & Riaracháin*

Is ionann iad seo agus tuarastail na foirne agus costais eile, mar aon le costais Chomhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte. Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ar leith ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun caiteachas a chlúdach a thabhaíonn sí go háirithe don Scéim um Fheabhsúchán Piríte.

### *Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí*

Bíonn Úinéirí Tí ar glacadh iad sa scéim i dteideal

(1) uasmhéid €500 a aisghabháil maidir le Measúnacht ar Bhail Foirgnimh.

(2) aisíocaíochtaí ar lóistín dearbhaithe eile faoi réir uasteorainn €6,000 (lena n-áirítear CBL) in aghaidh an áitribh.

(3) aisíoca.íochtaí ar costais dhearbhaithe a bhaineann le troscán agus inneachar tí a bhaint, a stóráil agus a chur ar ais, faoi réir uasteorainn €2,500 (lena n-áirítear CBL) in aghaidh an áitribh.

## Ranníocaíochtaí

Ní bhfuarthas ranníocaíocht ar bith sa bhliain 2022 faoi alt 12 agus alt 20 den Acht um Réiteach Piríte 2013.

### *Alt 12 Ranníocaíochtaí*

De réir Ailt 12 den Acht um Réiteach Piríte 2013, lean leis an BRP na costais ar fad nó cuid dóibh a bhaineann le áitribh a athchóiriú a fháil ar ais ó aon pháirtí a bhfuil dliteanas orthu, agus a bhfuil an acmhainn acu. Ní bhfuarthas ranníocaíocht ar bith maidir leis seo le linn na bliana 2022.

### *Alt 20 Ranníocaíochtaí*

De réir Ailt 20 den Acht um Réiteach Piríte 2013, nuair a áirítear áitreabh leis an Scéim, ach níor thosaigh an obair go fóill agus faigheann rannpháirtí na scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll cuimsithe leanúnaigh faoin Scéim, ní mór do rannpháirtí na Scéime an méid a fuarthas a íoc leis an BRP laistigh de thréimhse ama sonraithe. Ní bhfuarthas ranníocaíocht ar bith maidir leis seo le linn na bliana 2022.

## Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh Bliana

Is iad seo a leanas na gealltanais chonarthacha amhail 31 Nollaig 2022 ó cuireadh tús leis an Scéim:

| | |
|---|---|
| Bainisteoirí Tionscadal Tógála | €9,057,234 |
| Conraitheoirí Oibreacha | €154,937,599 |

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta buiséid le haghaidh a caiteachais faoin Acht seo faoi bhráid an Bhoird lena gceadú.  Féadfaidh an Bord an buiséad a cheadú gan mhodhnú nó an buiséad a cheadú le haon mhodhnuithe is cuí leis a dhéanamh. Ní ceadmhach imeacht ón mbuiséad arna cheadú ag an mBord faoin alt seo, ach amháin le ceadú roimh ré ón mBord. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta don BRP ar bhonn rialta maidir le caiteachas iarbhír agus geallta.


D’fhaomh an Bord an tuarascáil seo agus shínigh na daoine seo a leanas í thar ceann an Bhoird



Martin Lynch

Bainisteoir Ginearálta

27 Aibreán 2023



John O’Connor

Cathaoirleach

27 Aibreán 2023

## Aguisín A - Iarratais a Cuireadh Isteach sa bhliain 2022 de réir Contae/Limistéir

| Údarás Áitiúil | Iarratais |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 3 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 3 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 76 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 19 |
| Comhairle Contae na Mí | 25 |
| An Iarmhí | 1 |
| **Móriomlán** | **127** |

| Contae/Limistéar | Iarratais |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | **67** |
| Baile Brigín | 38 |
| Domhnach Bat | 7 |
| Lusca | 9 |
| Port Mearnóg | 1 |
| An Ros | 7 |
| Sord | 5 |
| **Baile Átha Cliath 11** | **2** |
| Baile Maidheac | 2 |
| **Baile Átha Cliath 13** | **2** |
| Baile Ghrífín | 2 |
| **Baile Átha Cliath 15** | **9** |
| Mullach Eadrad | 8 |
| Ongar | 1 |
| **Baile Átha Cliath 16** | **3** |
| Baile an tSaoir | 3 |
| **Baile Átha Cliath 7** | **1** |
| An Chabrach | 1 |
| **Cill Dara** | **19** |
| Cill Choca | 2 |
| Léim an Bhradáin | 17 |
| **An Mhí** | **23** |
| Cill Dhéagláin | 9 |
| Dún Búinne | 8 |
| Dún Seachlinn | 1 |
| An Bóthar Buí | 3 |
| Cill Choca | 1 |
| Cnoc an Línsigh | 1 |
| **An Iarmhí** | **1** |
| Ráth Fhearna | 1 |
| **Móriomlán** | **127** |

## Aguisín B - Iarratais a Cuireadh Isteach ón Dáta Seolta go Deireadh Bliana

| Údarás Áitiúil | Iarratais |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 41 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 46 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 2101 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 125 |
| Comhairle Contae na Mí | 794 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 31 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 34 |
| Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh | 16 |
| Comhairle Contae na hIarmhí | 1 |
| **Móriomlán** | **3189** |

| Céim | Iarratais |
|---|---|
| 1. Iarratas & Bailíochtú | 36 |
| 2. Measúnú/Fíorú ar Dhamáiste | 74 |
| 3. Pleanáil/Sceidealú & Ullmhú RWP | 61 |
| 4. Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscintí | 46 |
| 5. Cinneadh Conradh a Dhéanamh | 13 |
| 6. Feabhsúchán an Áitribh: | 70 |
| 7. Tréimhse Choinneála – 12 Mhí | 264 |
| 8. Iarratas Dúnta | 2625 |
| **Móriomlán** | **3189** |

| Contae/Limistéar | Iarratais |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | **1767** |
| Baile Brigín | 607 |
| Baile Bachaille | 6 |
| An Charraig Dhubh | 1 |
| Domhnach Bat | 88 |
| Baile Gháire | 2 |
| Gleann na gCaorach | 2 |
| Cionn Sáile | 18 |
| Leamhcán | 22 |
| Lusca | 623 |
| Mullach Íde | 6 |
| An Aill | 2 |
| An Caisleán Nua | 13 |
| An Seanbhaile | 1 |
| Port Mearnóg | 3 |
| An Ros | 303 |
| Na Sceirí | 4 |
| Cill Fhionntain | 2 |
| Sord | 64 |
| **Baile Átha Cliath 11** | **21** |
| An Cheapach | 1 |
| Fionnghlas | 2 |
| Baile Maidheac | 18 |
| **Baile Átha Cliath 13** | **9** |
| Baile Ghrífín | 8 |
| Cill Bharróg | 1 |
| **Baile Átha Cliath 14** | **1** |
| Baile an Teampaill | 1 |
| **Baile Átha Cliath 15** | **317** |
| Baile an Ásaigh | 9 |
| Baile Bhlainséir | 26 |
| Caisleán Cnucha | 37 |
| Cluain Saileach | 9 |
| Baile an Alabhóidigh | 9 |
| Mullach Eadrad | 220 |
| Ongar | 7 |
| **Baile Átha Cliath 16** | **42** |
| Baile an tSaoir | 42 |

| | |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath 5** | **4** |
| Baile Hearmann | 1 |
| Cill Bharróg | 1 |
| Ráth Eanaigh | 2 |
| **Baile Átha Cliath 6** | **1** |
| Crois Araild | 1 |
| **Baile Átha Cliath 7** | **2** |
| An Chabrach | 1 |
| Baile Átha Cliath | 1 |
| **Baile Átha Cliath 8** | **9** |
| Sráid Heytesbury | 7 |
| Cé na gCeannaithe | 2 |
| **Baile Átha Cliath 9** | **49** |
| Baile Munna | 1 |
| Droim Conrach | 2 |
| Glas Naíon | 1 |
| Seantrabh | 45 |
| **Cill Dara** | **125** |
| Domhnach Dheá | 1 |
| An Bóthar Buí | 2 |
| Cill Choca | 15 |
| Léim an Bhradáin | 90 |
| Maigh Nuad | 17 |
| **Luimneach** | **16** |
| An Corrbhaile | 15 |
| An Réabóg | 1 |
| **An Mhí** | **794** |
| Cill Dhéagláin | 433 |
| Baile Íomhair | 1 |
| Cluain Ailbhe | 1 |
| Droim Rí | 1 |
| Dún Búinne | 186 |
| Dún Seachlinn | 35 |
| An Bóthar Buí | 98 |
| Cill Bhríde | 1 |
| Cill Choca | 2 |
| Cill Mheasáin | 3 |
| Cionn Átha Gad | 1 |
| An Uaimh | 8 |
| Ráth Moliain | 5 |
| Ráth Tó | 4 |
| Baile Roibín | 1 |
| Cnoc an Línsigh | 12 |
| An Barda | 1 |
| Baile Átha Troim | 1 |

| | |
|---|---|
| **Uíbh Fhailí** | **31** |
| Éadan Doire | 31 |
| **An Iarmhí** | **1** |
| Ráth Fhearna | 1 |
| **Móriomlán** | **3189** |